BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# LEAS PRÍOMHOIDE
## Coláiste Ráithín, Bré, Co. Chill Mhantáin
## Catagóir XI

Tá iarratais á lorg ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin ag lorg iarratas ó dhaoine leis na cáilíochtaí cuí don phost mar Leas Phríomhoide, Coláiste Ráithín, Bré, Co. Chill Mhantáin.

Is í seo scoil lán chomhoideachais is tá 342 daltaí ag freastal air an 30 Meán Fómhair 2024.
Tá an post éifeachtach láithreach.

Le bheith cáilithe don cheapachán seo ní mór d'iarrthóirí na cáilíochtaí seo thíos a bheith acu.

- Cáilíocht aitheanta sa mhúinteoireacht iar-bhunscoile.
- Cúig bliana de thaithí shásúil mhúinteoireachta.
- Bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir ailt 30 de Acht na Comhairle Mhúinteoireachta 2001.

Chomh maith leis sin ba chóir go mbeadh na cáilíochtaí seo a leanas ag iarrthóirí:

- Ceannaireacht éifeachtach agus scileanna láidre bainistíochta
- Sár-scileanna idirphearsanta
- Cumas pleanála, eagraíochta agus úsáid éifeachtach acmhainní
- Eolas agus taithí chuimsitheach ar riarachán scoile
- Eolas ar nósanna reatha agus forbairtí san Oideachas

Deis spreagúil dhúshlánach atá sa phost seo chun oibriú i dtimpeallacht forásach oideachasúil ag leibhéal sinsearach bainistíochta.
Tá cáilíochtaí agus luach saothair an phoist de réir rialacháin na Roinne Oideachais.
Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil Córas Achomharc i bhfeidhm anois agus infheidhmithe do gach post Príomhoide Buan agus Príomhoide Ionaid. Féach Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0062/2021.

Ní mór d'iarrthóirí scrúduithe a bheith críochnaithe acu faoi chlár aitheanta creidiúnaithe ar nós:

- Scrúduithe faoin gclár Teastas Eorpach na hEorpa
- An Teastas i dTeanga na Gaeilge, Teanga na Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile (TGMI)
- Aon chlár eile atá ailínithe leis an gcóras creidiúnaithe ar nós: Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) maidir leis an nGaeilge
  Ní mór do mhúinteoirí chomh maith Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile a bheith acu faoi réir ag na díolúintí atá leagtha síos i gCiorclán 21/00. Déanfar measúnú ar na riachtanais seo nuair a dhéanfar gearrliostú agus nuair a bhíonn na hagallaimh ar siúl.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN
KILDARE AND WICKLOW
EDUCATION AND TRAINING BOARD

Is scoil dara leibhéal lán-Ghaelach é Coláiste Ráithín, agus múintear na hábhair go léir ann trí mheán na Gaeilge. Mar sin, glactar leis go mbeidh na hiarratasóirí go léir lán-ábalta in úsáid na Gaeilge, agus lán-toilteanach feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Caithfear an riachtanas maidir le cumas sa Ghaeilge a bhaint amach chun a bheith incháilithe don ról seo. Déanfar leibhéal an chumais seo a mheas ag an agallamh.

Gach eolas agus foirmeacha iarratais ar fail ó https://kildarewicklow.etb.ie/recruitment/current-vacancies/

Ba chóir foirm iarratais oifigiúil comhlánaithe go hiomlán a chur isteach trí ríomhphost chuig porrecruitment@kwetb.ie tráth nach déanaí ná **12 meán lae Dé Céadaoin 5 Samhain 2025**.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an fhreagracht ar an iarratasóir a chinntiú go bhfaightear gach iarratas in am. Ní bheidh an KWETB freagrach as aon deacrachtaí teicniúla a bhíonn ag an seoltóir agus é ag cur iarratais isteach.

- Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fail
- Ní ghlacfar le hiarratais a sháraíonn an spriocdháta
- Ní cuirfear aon iarratas ar an ngearrliosta mura bhfuil an foirm iarratais líonta ina hiomlán
- Dícháileofar go huathoibríoch é canbhasáil a dhéanann an t-iarratasóir nó thar ceann an iarratasóra

**An Dr. Deirdre Nic Aoidh, Príomhfheidhmeannach.**